Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Márta 2021**
**(OR. en)**

**5205/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0044(NLE)**

**AVIATION 4**
**RELEX 14**
**COREE 1**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí<br>– Comhaontú i bprionsabal<br>– Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

1. Tugadh sainordú don Choimisiún i mí an Mheithimh 2003 trína bhféadfaidh sé tús a chur le caibidlíocht le Poblacht na Cóiré d'fhonn na comhaontuithe déthaobhacha eitlíochta atá ag na Ballstáit cheana féin le Poblacht na Cóiré a chur i gcomhréir le dlí an Aontais. Toradh na gcaibidlí sin is ea an Comhaontú thuas.

2. An 21 Feabhra 2019, chuir an Coimisiún a thograí faoi bhráid na Comhairle le haghaidh cinntí ón gComhairle maidir le síniú agus tabhairt i gcrích Comhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí (6820/19 agus 6816/19 faoi seach).

3. An 24 Aibreán 2020, ghlac an Chomhairle an Cinneadh maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, ar thaobh amháin, agus Poblacht na Cóiré, ar an taobh eile. Svíníodh an Comhaontú an 25 Meitheamh 2020, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta is déanaí.

4. Foilsíodh an Cinneadh maidir le síniú an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 5 Bealtaine 2020[1].

5. D'fhonn ullmhú do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, iarrtar ar Coreper a mholadh don Chomhairle, i mír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, cinneadh a dhéanamh an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, mar atá in 5210/21 ó na dlítheangeolaithe, mar aon le téacs an Chomhaontaithe in 15082/19 ó na dlítheangeolaithe a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

---

[1] IO L 142, 5.5.2020, lch. 1.

**IARSCRÍBHINN**

**Ráiteas ón gComhairle**

Mar an gcéanna le comhaontuithe eile comhchosúla maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí a tugadh i gcrích cheana le tríú tíortha eile a chumhdaítear leis an gCinneadh ón gComhairle an 5 Meitheamh 2003 lena n-údaraítear don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le tríú tíortha maidir le comhaontú Comhphobail a chur in ionad forálacha áirithe i gcomhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana, is iomchuí gurb é an tAontas amháin a thabharfaidh an Comhaontú i gcrích le Poblacht na Cóiré maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí. Is amhlaidh a bheadh i gcás comhaontuithe eile comhchosúla a dhéanfaí amach anseo fad is a thugtar i gcrích iad i gcomhréir leis an gCinneadh sin agus laistigh dá theorainneacha.

Ní fasach é an Cinneadh seo maidir le feidhmiú inniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát faoi seach i dtaca le haon chaibidlíocht atá ar siúl nó a bheidh ann amach anseo maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta seachas iad siúd dá dtagraítear thuas, nó aon síniú nó tabhairt i gcrích na gcomhaontuithe sin, agus tá sé gan dochar do roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus a Bhallstáit.